Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professiona Learning of School Leaders and Teachers

# Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025

EFG d'Fhoireann na Scoile

Éascaitheoirí:

CC BY NC

Oide

# Ionchais agus Forléargas



# Ionchais








# Rúndacht

Caithfidh gach pearsanra scoile aird chuí a thabhairt ar an ngá atá le rúndacht i gcónaí.

Níor chóir an t-eolas ar fad a roinnt ach amháin ar bhonn "riachtanas eolais" ar mhaithe leis an leanbh.


Is é an tástáil ná an bhfuil baint nó ról dlisteanach ag an duine le déileáil leis an tsaincheist.

Ní sárú rúndachta é faisnéis a thabhairt dóibh siúd ar gá dóibh an fhaisnéis sin a bheith acu, ar mhaithe le leanbh a chosaint.

Is cion é faisnéis a nochtadh do thríú páirtí a roinn Tusla mura bhfuil údarú i scríbhinn tugtha ag Tusla don duine sin chun é sin a dhéanamh.

***Alt 1.1.1, 1.1.13, 4.2.11***

# Eolas Tábhachtach




Ba chóir go mbeadh na **Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025** agus **an Ciorclán 0041/2025** a ghabhann leis mar phríomhfhoinse faisnéise do phearsanra na scoile ar chúrsaí a bhaineann le cosaint leanaí.

**Níl sé i gceist go nglacfadh ábhar an Eispéiris Foghlama Ghairmiúil seo ionad an ghá atá le rannpháirtíocht iomlán a ghlacadh i Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025.**

# Forléargas EFG

| | |
|---|---|
| **Seisiún 1** | Forléargas, Téarmaíocht, Cinéalacha Mí- Úsáid Leanaí |
| **Briseadh** | |
| **Seisiún 2** | Róil agus Freagrachtaí, Taifead agus Tuairisciú |
| **Lón** | |
| **Seisiún 3** | Maoirseacht, Cumhdach Leanaí, Oiliúint agus Tacaíochtaí |

# Tacaíochtaí

Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe

**Folláine le Chéile**
**Wellbeing Together**

**SMS:**
**Text 'Hi' to 087 145 2056**
**WhatsApp:**
**Text 'Hi' to 087 369 0010**
**Freephone IRE:**
**1800 411 057**




***www.gov.ie***

Oide

# Tacaíochtaí

www.gov.ie

An Garda Síochána

One in Four

Ionad Géarchéime um Eigniú

Connect Counselling

Toward Healing

Samaritans

National Counselling Service

MyMind.org

# Torthaí Sheisiún a hAon

Oide

**Faoi dheireadh an tseisiúin seo, beidh na rannpháirtithe tar éis:**

- scrúdú a dhéanamh ar an réasúnaíocht maidir le cosaint leanaí i scoileanna
- iniúchadh a dhéanamh ar phríomhghnéithe agus ar struchtúr na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025
- an phríomhthéarmaíocht sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 a bhreithniú
- iniúchadh a dhéanamh ar chineálacha mí-úsáide leanaí

.

Oide

# Réasúnaíocht maidir le Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí



# Réasúnaíocht maidir le Cosaint Leanaí

Cén fáth a bhfuil Cosaint Leanaí tábhachtach?

# An Saol mar atá do Roinnt Scoláirí

Oide



1 nóiméad

ispcc.ie

# An Saol mar atá do Roinnt Scoláirí

Níl aon teorainneacha ag mí-úsáid leanaí.

Tá páistí ar baineadh mí-úsáid astu agus a bhfuil faillí á dhéanamh orthu i mbeagnach gach scoil sa tír.



***Bí Sábháilte; lch. 1***

# Tuarascáil Bhliantúil 2024

Oide




**96, 666** atreoruithe

**5,823** leanbh – faoi chúram

**2,935** duine óg ag fáil seirbhisí iarchúraim ag deireadh na bliana

**48,443** leanbh a atreoraíodh chuig seirbhísí tacaíochta teaghlaigh

TUSLA
Ireland's Child & Family Agency

# Cumhacht Phearsanra na Scoile

Tá sé de dhualgas ar gach duine sa tsochaí leanaí agus daoine óga a choinneáil sábháilte ó dhochar.

Braitheann cosaint éifeachtach leanaí ar scileanna, eolas agus luachanna na pearsanra a bhíonn ag obair le leanaí agus le teaghlaigh.

**Tá pearsanra na scoile in áit mhaith chun breathnóireacht a dhéanamh ar scoláirí agus monatóireacht a dhéanamh ar chomharthaí mí-úsáide agus faillí.**
**Is iad na príomhchúramóirí do scoláirí lasmuigh de chomhthéacs an teaghlaigh iad agus bíonn teagmháil rialta acu le scoláirí i suíomh na scoile.**

***Alt 9.5.3, Caibidil 5 & 11***


Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025


Oide




Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Cosaint Leanaí i Scoileanna






# Ciorclán 41/2025

Oide

Nósanna Imeachta 2025 le glacadh tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2026.

Is féidir le scoileanna glacadh leis na nósanna imeachta nuashonraithe ag pointe ar bith roimh an dáta seo.

Ní mór don bhord a chinntiú go bhfuil na teimpléid is déanaí don Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnú Riosca á n-úsáid.

Tugtar breac-chuntas in Aguisín 1 ar achoimre na gcaibidlí agus ar na príomhathruithe.

An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth

**Uimhir an Chiorcláin 41/2025**

**Chuig: Údaráis Bainistíochta Scoileanna Aitheanta Bunleibhéil, Dara Leibhéil, Pobail, agus Cuimsitheacha agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**Foilseachán *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025***

**1. Cuspóir an chiorcláin seo**

Is é príomhaidhm an chiorcláin seo chun cur in iúl do na húdaráis bhainistíochta scoile gur nuashonraíodh agus gur athfhoilsíodh na comhairliúcháin seo a leanas idir an Roinn Oideachais agus na comhpháirtithe oideachais, tabharfar "nósanna imeachta nuashonraithe" ar na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna*, as seo amach.

**2. Eolas ginearálta agus an dáta ar a gcuirfear i bhfeidhm é**

2.1 Tiocfaidh na nósanna imeachta nuashonraithe isteach in ionad na nósanna imeachta a foilsíodh in 2017 agus a athbhreithníodh in 2023 agus cuirfear an ciorclán seo in ionad chiorclán 0036/2023.

2.2 Baineann na nósanna imeachta seo le gach bunscoil agus le gach iar-bhunscoil agus le gach ionad oideachais (mar a mhínítear san Acht Oideachais, 1998), lena n-áirítear áiseanna cónaithe a bhaineann le scoileanna aitheanta, ar a bhfreastalaíonn páistí agus daoine óga faoi 18 mbliana d'aois.

2.3 Ba cheart aird an phearsanra scoile uile agus aird na mball bainistíochta uile a tharraingt ar na nósanna imeachta nuashonraithe. Cuirfidh an bord bainistíochta na nósanna imeachta i bhfeidhm tráth nach déanaí ná a gcruinniú deiridh roimh an 31 Nollaig 2026. Is féidir le scoileanna na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm am ar bith roimh an dáta seo. Nuair a chuirfear i bhfeidhm iad, ní mór don bhord a chinntiú go bhfuil úsáid á baint as na teimpléid is déanaí a chuireann an Roinn ar fáil don Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Teimpléad Measúnaithe Riosca. Tá acmhainní ar fáil ar: Nósanna imeachta maidir le cosaint leanaí do scoileanna

2.4 Cuirfidh an Roinn oiliúint ar fáil do Dhaoine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIAnna) agus do Leas-Daoine Idirchaidrimh Ainmnithe (LDIAnna). Tá sé

Seoladh Line 1, Seoladh Line 2, Contae, Postchód
Address Line 1, Address Line 2, County, PostCode
T +353 1 234 5678 | name@department.gov.ie
www.department.gov.ie

*Ciorclán 41/2025*

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Teideal na gCaibidil

Oide

**Gluais Téarmaí**

**Caibidil 1:** Réamhrá

**Caibidil 2:** Mí-Úsáid Leanaí a Shainmhíniú agus a Aithint

**Caibidil 3:** Líomhaintí Mí-Úsáide Siarghabhálacha

**Caibidil 4:** Róil agus Freagrachtaí

**Caibidil 5:** Ábhair Imní a Thuairisciú

**Caibidil 6:** Conas Tuairisc a Dhéanamh do Tusla

**Caibidil 7:** Líomhaintí nó Amhras faoi Mhí-Úsáid Leanaí maidir le Fostaithe Scoile

**Caibidil 8:** Coimeád Taifid

**Caibidil 9:** Ceanglais um Chumhdach Leanaí

**Caibidil 10:** Nósanna Imeachta Earcaíochta agus Ceanglais maidir le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

**Caibidil 11:** Oiliúint agus Tacaíochtaí

**Caibidil 12:** Maoirseacht

**Aguisíní**

# Pearsanra Scoile

Oide

Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)

Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (LDIA)

Duine Sainordaithe

Duine Neamh Shainordaithe

*Gluais Téarmaí lch. 4 - 6*

# Ról an DIA agus an LDIA



**Duine Idirchaidrimh Ainmnithe**

An duine atá ainmnithe ag an mbord bainistíochta chun gníomhú mar phointe teagmhála do Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) An Garda Síochána, agus daoine eile i gcúrsaí a bhaineann le hábhair imní nó líomhaintí maidir le cosaint leanaí.

**Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe**

An duine a cheapann an bord bainistíochta chun gníomhú mar Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (LDIA) don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA). Glacann an LDIA freagrachtaí an DIA nuair nach bhfuil an DIA ar fáil.

# Daoine Sainordaithe agus Daoine Neamh-Shainordaithe?

I scoil, áirítear ar liosta samplach, neamh-uileghabhálach de dhaoine sainordaithe agus neamh-shainordaithe:

| Daoine Sainordaithe | Daoine Neamh-Shainordaithe |
| --- | --- |
| Múinteoir | Cúntóir Riachtanas Speisialta |
| Altra Sláinte Phoiblí | Feighlí |
| Dochtúir | Rúnaí |
| Fiaclóir | Coimhdire Bus |
| Oibrí sóisialta | Pearsanra na mbéilí scoile |
| Garda | Glantóirí |
| Teiripeoir ceirde | Baill Chumann Tuismitheoirí |
| Teiripeoir urlabhra agus teanga | Tuismitheoir/Cúramóir |
| Duine den chléír | |
| Cúramóir altrama | |
| Síceolaí | |

***Aguisín 1***

# Príomhthéarmaíocht sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí 2025

Cosaint Leanaí

Cumhdach Leanaí*

Cúiseanna (nó Forais) réasúnacha imní

Cineálacha Mí-Úsáide Leanaí

*Alt 1.2, 2.1, 2.2, 2.3*

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Oide

# Cosaint Leanaí agus Cumhdach Leanaí



Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Sainmhíniú ar Chosaint Leanaí

Is é is cosaint leanaí ann an ghníomhaíocht a bhaineann le cosaint a thabhairt do leanaí atá ag fulaingt nó a d'fhéadfadh a bheith ag fulaingt nó atá i mbaol díobhála mar thoradh ar mhí-úsáid, lena n-áirítear faillí, mí-úsáid mhothúchánach, mí-úsáid fhisiciúil agus mí-úsáid ghnéasach.

*Alt 1.2*

# Sainmhíniú ar Chumhdach Leanaí

Tá cosaint*/cumhdach leanaí níos leithne ná aire a thabhairt don leanbh agus baineann sé le cleachtas sábháilte agus le freagairtí cuí ó oibrithe agus ó oibrithe deonacha a chinntiú ar ábhair imní faoi shábháilteacht nó leas leanaí, lena n-áirítear ábhair imní ar líne, má thagann siad chun cinn.

Baineann cosaint*/cumhdach leanaí leis an leanbh a chosaint ó dhochar, a leas a chur chun cinn agus trí sin, timpeallacht a chruthú a chuireann ar chumas leanaí agus daoine óga fás, forbairt agus a lánacmhainneacht a bhaint amach.

*Alt 1.2*

# Ár gCleachtas Reatha

## Gníomhaíocht

Cén cuma atá ar dhea-chleachtas inár scoil?

Pléigh cén chuma atá ar chumhdach leanaí agus ar chosaint leanaí i do scoil.

Cad atá á dhéanamh go maith agaibh?



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Oide

# Ábhair Imní maidir le Cosaint agus Leas Leanaí



Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí


Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Oide

# Príomhfhreagracht Phearsanra uile na Scoile

Ba cheart go mbeadh gach uile dhuine **ar an airdeall** go bhféadfadh na leanaí lena mbíonn siad i dteagmháil bheith á mí-úsáid nó bheith i mbaol bheith mí-úsáidte.

In aon chás ina bhfaigheann ball de phearsanra na scoile líomhain nó ina mbíonn amhras orthu gur baineadh mí-úsáid as leanbh nó go ndearnadh faillí orthu, go bhfuil mí-úsáid á baint astu nó faillí á déanamh orthu, nó go bhfuil siad i mbaol mí-úsáide nó faillí, déanfaidh siad, gan mhoill, an t-ábhar a thuairisciú don duine idirchaidrimh ainmnithe (DIA).




***Treoir Tús Áite do Leanaí, Caibidil 1***

# Cad iad na Cúiseanna Réasúnta Imní?

Fianaise (mar shampla, gortú nó iompar) atá comhsheasmhach le mí-úsáid agus nach dócha go ndearnadh é ar aon bhealach eile.

Aon imní faoi mhí-úsáid ghnéasach fhéideartha.

Comharthaí comhsheasmhacha go bhfuil leanbh ag fulaingt ó fhaillí mhothúchánach nó fhisiceach.

Páiste ag rá nó ag tabhairt le fios ar bhealaí eile gur baineadh mí-úsáid as.

Admháil nó léiriú ag duine fásta nó leanbh ar mhí-úsáid líomhnaithe a rinne siad.

Cuntas ó dhuine a chonaic an leanbh á mhí-úsáid.

***Alt 2.1***

# Cúiseanna Réasúnacha Imní

Ba chóir Tusla **a chur ar an eolas i gcónaí sa chás go bhfuil cúis réasúnacha imní ag duine** go bhféadfaí, go raibh nó go bhfuil mí-úsáid a dhéanamh ar leanbh nó faillí a dhéanamh ann nó go bhfuil siad ina mbaol sin.

→

Ní gá go mbeadh cruthúnas ag duine gur tharla mí-úsáid chun ábhar imní a thuairisciú do Tusla.

↓

Ní gá ach go bhfuil forais réasúnacha imní ag an duine.

←

Is é ról Tusla measúnú a dhéanamh ar aon ábhair imní a thuairiscítear dó.


***Alt 2.1***

Oide

# Cineálacha Mí-úsáide Leanaí



# Na Ceithre Phríomhchineál Mí-úsáide




*Alt 2.2*

# Faillí

Oide

**Tarlaíonn faillí nuair nach bhfaigheann leanbh cúram nó maoirseacht imleor, sa mhéid go ndéantar díobháil don leanbh go fisiciúil nó go forásach.**

Sainmhínítear faillí go ginearálta i dtéarmaí easnamh cúraim, nuair a chuirtear isteach ar shláinte, ar fhorbairt nó ar leas linbh de bharr bia, éadaí, teas, sláinteachas, cúram leighis, spreagadh intleachtúil, maoirseacht agus sábháilteacht a bheith á mbaint as. D'fhéadfadh de dheasca faillí mhothúchánach go mbeadh deacrachtaí ceangail/ceana ag an leanbh. Bíonn tionchar ag réimse fachtóirí ar mhéid an damáiste do shláinte, forbairt nó leas an linbh. I measc na bhfachtóirí sin tá an méid tionchar dearfach ar shaol an linbh, más ann dó, chomh maith le haois an linbh agus minicíocht agus leanúnachas na faillí.

Tá baint ag faillí le bochtaineacht, ach ní gá gurb í is cúis léi, ná ní gá go mbeadh an bhochtaineacht ina fachtóir. Tá baint láidir aici le mí-úsáid substaintí tuismitheora, foréigean teaghlaigh agus meabhairghalar agus míchumas tuismitheoirí.

***Alt 2.2.1***

# Mí-úsáid Mhothúchánach

**Is éard is mí-úsáid mhothúchánach ann ná droch-chóireáil chórasach mhothúchánach nó shíceolaíoch ar leanbh mar chuid den chaidreamh iomlán idir cúramóir agus leanbh.**

Tarlaíonn mí-úsáid nuair nach sásaítear an gá bunúsach a bhíonn ag leanbh le haird, gean, dearbhú, leanúnachas agus slándáil, mar gheall ar éagumas nó neamhshuim óna dtuismitheoir nó óna gcúramóir.

***Alt 2.2.2***

# Mí-úsáid Fhisiciúil

**Is éard is mí-úsáid fhisiciúil ann nuair a ghortaíonn duine leanbh go fisiciúil d'aon ghnó nó a chuireann sé/sí iad i mbaol é/í a gortú go fisiciúil.**

D'fhéadfadh mí-úsáid fhisiciúil tarlú mar eachtra amháin nó mar phatrún teagmhas. Tá imní réasúnach ann nuair a dhéantar, nó go bhféadfaí, nó go ndearnadh dochar do shláinte agus/nó d'fhorbairt an linbh mar thoradh ar amhras faoi mhí-úsáid fhisiciúil.

***Alt 2.2.3***

# Mí-úsáid Ghnéasach

**Tarlaíonn mí-úsáid ghnéasach nuair a úsáideann duine eile leanbh chun sásamh nó spreagadh a thabhairt dó/di féin, nó chun daoine eile a spreagadh.**


Áirítear le mí-úsáid ghnéasach an leanbh a bheith páirteach i ngníomhartha gnéis (glacaireacht, muirniú, gnéas béil nó treáite) nó an leanbh a nochtadh do ghníomhaíocht ghnéasach go díreach nó trí phornagrafaíocht. Chlúdódh mí-úsáid ghnéasach leanaí speictream leathan gníomhaíochtaí mí-úsáide. Is annamh nach mbíonn i gceist ach eachtra amháin agus in go leor cásanna tarlaíonn sé thar roinnt blianta. Is minic a tharlaíonn mí-úsáid ghnéasach leanaí laistigh den teaghlach, lena n-áirítear siblíní níos sine agus daoine muinteartha.

**Sroicheann mí-úsáid ghnéasach tairseach dhíobhála i gcónaí.**

***Alt 2.2.4, 4.2.4***

# Cineálacha Mí-Úsáide Leanaí


## Gníomhaíocht




I ngrúpaí, smaoinígí agus déanaigí taifead ar an gcaoi a n-aithneodh sibh gach cineál mí-úsáide.

*Alt 2.2*

# Briseadh/Sos




Ba chóir go mbeadh na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus an Ciorclán 0041/2025 a ghabhann leis mar phríomhfhoinse faisnéise do phearsanra na scoile ar chúrsaí a bhaineann le cosaint leanaí.

**Níl sé i gceist go nglacfadh ábhar na Eispéiris Foghlama Ghairmiúil seo ionad an ghá atá le rannpháirtíocht iomlán a ghlacadh i Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025.**




# Torthaí Sheisiún a Dó

**Faoi dheireadh an tseisiúin seo, beidh na rannpháirtithe tar éis:**

- iniúchadh a dhéanamh ar chúinsí a fhágann gur lú an chosaint a bhíonn ag leanaí ar mhí-úsáid agus ar fhaillí
- tuiscint a fháil ar róil agus ar freagrachtaí phearsanra uile na scoile
- tuiscint a fháil ar an gcaoi chun déileáil le nochtadh ó leanaí
- feasacht a fhorbairt ar riachtanais choinneála taifead
- tuiscint a fháil ar na céimeanna ábhartha atá le glacadh agus ábhar imní á thuairisciú
- na ceanglais agus na nósanna imeachta a bhreithniú maidir le líomhaintí nó amhras faoi mhí-úsáid leanaí i dtaca le fostaithe scoile.

# Cineálacha Mí-Úsáide Leanaí
## Aiseolas ar an nGníomhaíocht




Conas a aithnítear na cineálacha mí-úsáide?

***Alt 2.2***

# Faillí a Aithint

| |
|---|
| Leanaí a fhágáil leo féin gan cúram agus maoirseacht imleor |
| Míchothú, easpa bia, bia mí oiriúnach nó beathú corrach |
| Teip neamhorgánach chun rathú, is é sin, leanbh nach bhfuil meáchan a fháil ní amháin mar gheall ar mhíchothú ach freisin díothacht mhothúchánach |
| Teip cúram leordhóthanach a sholáthar do riachtanais leighis agus forbartha an linbh, spreagadh intleachtúil san áireamh |
| Dálaí maireachtála neamhleor – dálaí míshláintiúla, saincheisteanna comhshaoil, lena náirítear easpa teasa agus troscáin imleor |
| Easpa éadaí leordhóthanacha |
| Gan aird ar shláinteachas bunúsach |
| Easpa cosanta agus nochta do chontúirt, lena náirítear baol morálta nó easpa maoirseachta a oireann d'aois an linbh |
| Teip leanúnach freastal ar scoil |
| Tréigean nó fágáil |

***Alt 2.2.1***

# Mí-úsáid Mhothúchánach a Aithint

| Diúltú | Bulaíocht |
|---|---|
| Easpa compoird agus grá | Tuismitheoireacht choinníollach ina ndéantar cúram nó gean linbh ag brath ar a (h)iompraíocht nó ar a ghníomhartha |
| Easpa ceangail | Róchosainteacht mhór |
| Easpa spreagtha ceart (m.sh. spraoi agus súgradh) | Pionós míchuí neamhfhisiciúil (m.sh. leanbh a chur faoi ghlas sa seomra leapa) |
| Easpa leanúnachais cúraim (m.sh. bogadh go minic, go háirithe gan phleanáil) | Coinbhleachtaí leanúnacha teaghlaigh agus foréigean teaghlaigh |
| Easpa moladh agus spreagtha leanúnach | Ionchais an linbh thar a bheith míchuí i gcoibhneas lena(h)aois agus lena chéim forbartha |
| Cáineadh leanúnach, searbhas, naimhdeas nó milleán ar an leanbh | |

***Alt 2.2.2***

# Mí-úsáid Fhisiciúil a Aithint

| |
|---|
| Pionós fisiciúil |
| Greadadh, sceilpeáil, bualadh nó ciceáil |
| Ag brú, ag croitheadh nó ag caitheamh |
| Pinseáil, greim, tachtadh nó tarraingt gruaige |
| Úsáid fórsa iomarcach i láimhseáil |
| Nimhiú d'aon ghnó |
| Plúchadh |
| Breoiteacht bhréagach / spreagtha |
| Ciorrú ball giniúna ban |


***Alt 2.2.3***

# Mí-úsáid Ghnéasach a Aithint

| |
|---|
| Aon ghníomh gnéasach a dhéantar go hintinneach i láthair an linbh |
| Cuireadh chun teagmháil ghnéasach nó tadhall nó magadh a dhéanamh d'aon ghnó ar chorp an linbh cibé acu ag duine nó rud ar mhaithe le spreagadh gnéasach nó sásamh gnéasach |
| Glacaireacht i láthair linbh nó rannpháirtíocht linbh i ngníomh na glacaireachta |
| Caidreamh collaí le leanbh, béil, faighne nó tóna |
| Páiste a nochtadh d'ábhar míchuí nó maslach trí theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide |
| Gníomhaíocht ghnéasach chomhthoiliúil a bhaineann le duine fásta agus le duine faoi aois |
| *Dúshaothrú gnéasach linbh –lena n-áirítear:*<br>*~Ag tabhairt cuireadh, aslú nó faoi chomhéigean do leanbh gabháil le striapachas nó pornagrafaíocht leanaí a tháirgeadh*<br>*~Ag tabhairt cuireadh do leanbh, á chomhéigean nó as a spreagadh chun páirt a ghlacadh in aon ghníomh gnéasach, mígheanasach nó gáirsiúil nó breathnú ar an gcéanna*<br>*~Ábhar gnéasach follasach a thaispeáint do leanaí, rud a bhíonn go minic ina ghné den phróiseas 'gruamaeireachta' ag lucht déanta mí-úsáide.* |

***Alt 2.2.4***

# Cineálacha Mí-Úsáide Leanaí




Bulaíocht

Iompraíochtaí Imní agus Cásanna Géarchéime

*Alt 2.2, 2.4, 2.5*

# Nuair a bhíonn bulaíocht ina hábhar imní maidir le cosaint leanaí

Go ginearálta, is féidir aghaidh a thabhairt ar iompar bulaíochta gan baint le Tusla. Mar sin féin, féadann iompar bulaíochta a bheith ina ábhar imní maidir le cosaint leanaí nuair a bhíonn díobháil shuntasach fhisiciúil nó mhothúchánach mar thoradh air, nó nuair a bhíonn fadhb thromchúiseach leanúnach ann agus nach bhfuil na bearta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt air éifeachtach.

Agus cinneadh á dhéanamh cén uair ar cheart iompar bulaíochta a thuairisciú do Tusla ba cheart na fachtóirí seo a leanas a chur san áireamh:


>Tionchar ar an leanbh


>Gníomh cosanta/cuí glactha ag tuismitheoirí/caomhnóirí

>Gníomh cosanta/cuí glactha ag an scoil

>Rannpháirtíocht an linbh/teaghlaigh le seirbhísí tacaíochta ar nós an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais


***Alt 2.4***



# Iompraíochtaí Imní agus Cásanna Géarchéime

Leithlisiú




Srianadh fisiciúil

*Alt 2.5, 2.5.1*

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Cúinsí a d’fhéadfadh Leanaí a a Dhéanamh Níos Leochailí i Leith Mí-úsáide agus Faillí



Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Cad iad na cúinsí a d'fhéadfadh leanaí a fhágáil gan an oiread cosanta ar mhí-úsáid agus ar fhaillí?

Oide

## Gníomhaíocht

- Fachtóirí tuismitheora/ cúramóra
- Fachtóirí leanaí
- Fachtóirí pobail
- Fachtóirí timpeallachta
- Droch-spreagadh agus droch-thoilteanas tuismitheoirí nó caomhnóirí dul i ngleic leis

***Alt 2.7***

# Cúinsí a d'fhéadfadh leanaí a fhágáil gan an oiread cosanta ar mhí-úsáid agus ar fhaillí

Tá sé tábhachtach cuimhneamh nach gá go gciallódh aon cheann de na fachtóirí seo go bhfuil mí-úsáid á déanamh ar leanbh sna cúinsí nó sna suíomhanna sin.

**Fachtóirí Tuismitheora nó Cúramóra**

- Mí-úsáid drugaí agus alcóil.
- Andúil, lena n-áirítear cearrbhachas.
- Saincheisteanna meabhairshláinte.
- Saincheisteanna míchumais tuismitheoirí, lena n-áirítear míchumas foghlama nó intleachtúil.
- Caidreamh coinbhleachta (coimhlinte)
- Foréigean baile.
- Tuismitheoirí óga.

**Fachtóirí leanaí**

- Aois
- Inscne
- Gnéasachta
- Míchumas
- Saincheisteanna meabhairshláinte lena náirítear féinghortú agus féinmharú
- Deacrachtaí cumarsáide
- Gáinneáilte/Saothraithe
- Míúsáid roimhe seo
- Cúramóir óg

***Alt 2.7***

# Cúinsí a d'fhéadfadh leanaí a fhágáil gan a oiread cosanta ar mhí-úsáid agus ar fhaillí

Tá sé tábhachtach cuimhneamh nach gá go gciallódh aon cheann de na fachtóirí seo go bhfuil mí-úsáid á déanamh ar leanbh sna cúinsí nó sna suíomhanna sin.

| Fachtóirí Pobail |
|---|
| - Noirm chultúrtha, eitneacha, reiligiúnacha nó chreidimh-bhunaithe sa teaghlach nó sa phobal nach gcomhlíonann na caighdeáin leasa nó cosanta leanaí a éilítear sa dlínse seo.<br>- Cleachtais a bhaineann go sonrach le cultúr, lena n-áirítear:<br>- Ciorrú ball giniúna ban;<br>- Pósadh éigeantach;<br>- Foréigean bunaithe ar onóir<br>- Radacú. |

| Fachtóirí Timpeallachta |
|---|
| - Saincheisteanna tithíochta, lena n-áirítear nuair a bhíonn leanaí i gcóiríocht shealadach nó i staideanna tithíochta neambhuanna<br>- Leanaí atá as baile agus nach gcónaíonn lena dtuismitheoirí, go sealadach nó go buan<br>- Bochtaineacht/ag iarraidh déirce.<br>- Bulaíocht<br>- Imní a bhaineann leis an idirlíon agus leis na meáin shóisialta |

*Alt 2.7*

# Cúinsí a d'fhéadfadh leanaí a fhágáil gan a oiread cosanta ar mhí-úsáid agus ar fhaillí

Tá sé tábhachtach cuimhneamh nach gá go gciallódh aon cheann de na fachtóirí seo go bhfuil mí-úsáid á déanamh ar leanbh sna cúinsí nó sna suíomhanna sin.

**Droch-spreagadh agus droch-thoilteanas tuismitheoirí/caomhnóirí a bheith rannpháirteach**

- Neamhfhreastal ar choinní
- Easpa léargais nó tuisceana ar an tionchar atá ag an leanbh
- Easpa tuisceana ar cad is gá a tharlóidh chun athrú a chur i gcrích
- Seachaint teagmhála agus drogall oibriú le seirbhísí
- Neamhábaltacht nó toilteanas déanamh de réir pleananna comhaontaithe

Ba cheart na fachtóirí seo a mheas mar chuid den iarracht a bheith san airdeall ar an bhféidearthacht go bhféadfadh leanbh a bheith i mbaol mí-úsáid a fhulaingt agus aird Tusla a tharraingt ar ábhair imní réasúnacha.

***Alt 2.7***

Oide

# Róil agus Freagrachtaí



Oide


# Freagrachtaí Gach Pearsanra Scoile

Tá róil agus freagrachtaí **ag gach pearsanra scoile** maidir le cosaint leanaí.

Bí eolach ar na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí, lena n-áirítear na ceithre phríomhchineál mí-úsáide.

Bíodh a fhios agat conas an méid a breathnaíodh a thaifeadadh.

Bíodh a fhios agat conas ábhair imní maidir le cosaint agus leas leanaí a thuairisciú.




***Alt 4.1***

# Ról an DIA agus an LDIA

Oide

**An DIA:**

Is gnách gurb é an príomhoide é,

feidhmíonn sé mar phríomhdhuine acmhainne d'aon bhall de phearsanra scoile a bhfuil ábhar imní faoi chosaint leanaí acu

cinntíonn sé go ndéanfar na ceanglais tuairiscithe a leanúint i gceart agus go pras

cinntíonn sé go gcoimeádtar taifid chuí i gceart

soláthraíonn sé, mar mhír neamhspleách, Tuairisc Mhaoirseachta ar Chosaint Leanaí ag cruinnithe BOM

cinntíonn sé go n-aithnítear saincheisteanna um chosaint leanaí agus go ndéantar iad a thuairisciú chomh luath agus is féidir.

**An LDIA:**

In éagmais an DIA, glacann an LDIA a gcuid freagrachtaí. Tacaíonn an LDIA le hobair an DIA

***Alt 12.1***

# Tábhachtach a thabhairt faoi deara

Oide

Ní hamhlaidh gur féidir leis an DIA nó ag an LDIA glacadh le líomhain in am ar bith.

Má tá an DIA agus an LDIA araon ar an láthair,
is é an DIA a fhaigheann an tuairisc i gcónaí.

Oide

# Déileáil le Nochtadh




Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Nochtadh Mí-Úsáide
## Gníomhaíocht

*Cé go mbeidh bacainní ann i gcónaí ar pháistí labhairt faoi cheist chasta na mí-úsáide leanaí, is féidir le múinteoirí coinníollacha a chruthú a thacaíonn le leanaí nochtadh a dhéanamh.*

(Aistrithe ó Nohilly & Treacy, 2024)


Pléigh agus taifead a dhéanamh:

Cad iad na bacainní a chuireann cosc ar scoláirí mí-úsáid a nochtadh?

Cad iad na coinníollacha a thacaíonn le scoláirí nochtadh a dhéanamh?

# Nochtadh Mí-Úsáide

## Bacainní a chuireann cosc ar scoláirí mí-úsáid a nochtadh




(Nohilly & Treacy, 2024)

# Nochtaí Mí-Úsáide

## Coinníollacha a Thacaíonn le Scoláirí Mí-Úsáid a Nochtadh

| | |
|---|---|
| Duine fásta iontaofa | Athruithe i nádúr na mí-úsáide |
| Éisteacht chúramach | Ag iarraidh daoine eile a chosaint |
| Fearg leis an déantóir coire | Gan a bheith in ann deileáil leis an mí-úsáid leo féin |
| Mí-úsáid sheachtheaghlach | Il-chineálacha mí-úsáide |
| Fad geografach | Duine fásta an mhí-úsáid a aithint |
| Idirghabháil ó dhaoine eile | Ag creidiúint go bhféadfadh duine cabhrú / go gcreidfí iad |
| OSPS – Caidreamh sláintiúil agus oideachas gnéis | Aeráid agus atmaisféar dearfach sa seomra ranga |

(Nohilly & Treacy, 2024)

# Déileáil le Nochtaí ó Leanaí

Oide

Tá sé tábhachtach go mbeadh gach ball de phearsanra na scoile ar an eolas agus ullmhaithe chun freagairt do pháiste a d'fhéadfadh mí-úsáid a nochtadh.

- Fan socair agus éist gan cur isteach orthu
- Glac an nochtadh dáiríre agus cuir an leanbh ar a suaimhneas
- Lig don leanbh labhairt go saor, ar a luas féin
- Ná geall rúndacht agus ná tabhair breithiúnas
- Ná cuir ach ceisteanna tacúla, neamh-threoracha
- Deimhnigh tuiscint agus mínigh cad é a tharlóidh ina dhiaidh sin
- Coinnigh faisnéis faoi rún
- Taifead sonraí go pras, ag baint úsáid as focail an pháiste; ná hiarr orthu é a scríobh
- Tuairiscigh don Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)





*Alt 2.9*

# Déileáil le Nochtaí ó Leanaí

## Tacaíocht Leanúnach

Oide

Is céim ollmhór é an nochtadh do leanbh. Tá sé tábhachtach a chinntiú go mbraitheann an leanbh sábháilte, agus go ndéantar na bearta is gá chun an tsábháilteacht sin a chinntiú.

Tar éis nochtadh a fháil ó leanbh, ba cheart do phearsanra na scoile leanúint ar aghaidh ag tairiscint tacaíochta, go háirithe trí:

- Caidreamh dearfach a choinneáil leis an leanbh.
- Línte cumarsáide a choinneáil oscailte trí éisteacht go cúramach leis an leanbh.

**Ní mór a mheabhrú i gcónaí go bhfuil ról tacaíochta, ní ról imscrúdaitheach ag pearsanra na scoile.**

Ba cheart déileáil le haon nochtadh breise mar chéad nochtadh agus ba cheart freagairt dó mar chéad nochtadh.

*Alt 2.9*

# Faisnéis a Choinneáil siar/a Roinnt

Faoin **Acht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis a Choinneáil Siar faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012** is cion coiriúil é faisnéis a choinneáil siar faoi chion tromchúiseach, lena n-áirítear cion gnéasach, a dhéantar i gcoinne duine faoi bhun 18 mbliana d'aois nó duine soghonta.

Ní chuireann **na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018, agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)** cosc ar fhaisnéis a roinnt ar bhonn réasúnach agus comhréireach chun críocha cosanta leanaí.

Foráiltear le **halt 16(3) den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015** go gcosnaítear duine sainordaithe, lena n-áirítear múinteoir cláraithe a roinneann faisnéis le Tusla de bhun iarratais ar chúnamh sainordaithe arna dhéanamh ag Tusla de réir alt 16 den Acht, ó dhliteanas sibhialta i ndáil leis an bhfaisnéis sin a roinnt le Tusla.

***Alt 1.1.6, 1.1.11, 4.2.10, 4.2.12***

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Taifead do Phearsanra Uile na Scoile



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Taifead Scríofa

Déan taifead scríofa den chomhrá chomh luath agus is féidir, chomh mion agus is féidir, agus b'fhearr na focail a úsáideadh a lua..


**Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach gá an taifead seo a anaithnidiú* ag an bpointe seo.**

Ba chóir cur síos mion a dhéanamh ar chomharthaí díobhála coirp agus, más cuí, iad a sceitseáil. Níor chóir grianghraif a thógáil.

Cé gur chóir ligean do leanbh ráiteas scríofa a dhéanamh más mian leo é sin a dhéanamh, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nár cheart iarraidh ar an leanbh cuntas a nochta a scríobh don taifead

Seiceáil an taifead scríofa leis an leanbh, nuair is féidir.

Sínigh agus dátaigh an taifead scríofa agus tabhair é don DIA.


Leabhrán ar an gCáschomhad um Chosaint Leanaí

CPF 2

Taifead ar an Dóigh ar Díríodh Aird an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) ar an Ábhar Imní Faoi Chosaint Leanaí

Nóta don DIA: agus an teimpléad seo á chomhlánú, cinntigh le do thoil go ndéanfar ainmneacha iomlána na bpáirtithe uile a thaifeadadh, lena n-áirítear ainm an duine a d'ardaigh an t-ábhar imní. Má chuirtear sonraí an ábhair imní sin faoi bhráid an bhoird chun maoirseacht a dhéanamh air, ba cheart cóipeanna páirtfholaithe den doiciméad sin a chruthú chun na críche sin.

Dáta:

Ainm an Linbh:

Dáta breithe:

Taifead ar an dóigh ar tháinig an DIA ar an eolas faoin ábhar imní agus taifead iomlán ar shonraí an ábhair imní (mar shampla, arna chur in iúl ag ball de phearsanra na scoile, tuismitheoir/cúramóir, ball den phobal, leanbh etc).

I gcás inar cuireadh ball de phearsanra na scoile ar an eolas go bhfuil/nach bhfuil an DIA ag lorg comhairle ó Tusla, ba chóir don bhall de phearsanra na scoile a shíniú/síniú a chur isteach thíos.

Sínithe* Dáta:
DIA

Ainm Clóite:

Sínithe* Dáta:
Ball de Phearsanra na Scoile

Ainm Clóite:

Ba cheart aon taifid bhreise a bhaineann leis an dóigh ar díríodh aird an DIA ar an ábhar imní (mar shampla nótaí lámhscríofa) a chur isteach sa chódchomhad.

*Doiciméid le priontáil agus le síniú le sínithe bunaidh

***Alt 2.9, 5.1.1, 5.2.1***

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Oide

# Tuairisciú ar Ábhair Imní maidir le Cosaint Leanaí



Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Téarmaíocht Ábhartha



Tairseach Díobhála/
Tairseach an Dochair

Duine sainordaithe

# Ábhair Imní a Thuairisciú

## Dá mbeadh imní ort go raibh leanbh i mbaol, cad é a dhéanfá?

Oide

**Faigheann ball de phearsanra na scoile líomhaintí faoi mhí-úsáid nó tá amhras air faoi mhí-úsáid**

**An duine sainordaithe é pearsanra na scoile?**

**Is ea**

**Tuairiscigh do DIA**

**An bhfuil imní réasúnta ann? (Mura bhfuil tú cinnte, is féidir dul i gcomhairle le Tusla chun comhairle a fháil)**

**Níl**

**Ní thuairiscíonn DIA imní do Tusla. Tabharfaidh siad ráiteas soiléir i scríbhinn don bhall de phearsanra na scoile cén fáth nach bhfuil gníomh á dhéanamh agus coinneoidh siad cóip**

**Is féidir le ball de phearsanra na scoile tuairisc a thabhairt do Tusla fós**

**Tá**

**An sroicheann an imní tairseach shainithe na díobhála do thuairisc shainordaithe? (Mura bhfuil tú cinnte, is féidir dul i gcomhairle le Tusla chun comhairle a fháil)**

**Sroicheann**

**Cuireann DIA agus duine sainordaithe tuairisc chomhshainord-aithe faoi bhráid Tusla**

**Ní shroicheann**

**Cuireann DIA tuairisc faoi bhráid Tusla**

***Caibidil 5***

# Tuairisciú ar Ábhair Imní


## Cad é a tharlaíonn má bhaineann an imní leis an DIA?

